Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11608/26**
**ADD 1**

**LIMITE**

**AG 112**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Ráiteas maidir leis an litir ó Pascal SCHONARD, Stiúrthóir an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha (APPF), i ndáil le fíorais a chuireann in amhras an gcomhlíonann an Grúpa 'Eoraip na Náisiún Ceannasach' na coinníollacha clárúcháin a bhaineann leis na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe<br>– Ráiteas ón Iodáil |

D'iarr an Iodáil go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí Coreper agus na Comhairle.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Ráiteas ón Iodáil maidir le mír II-32 (*Ráiteas maidir leis an litir ón Údarás um Páirtithe Polaitiúla agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla (APPF) – ullmhúchán don fhormheas*) den chruinniú a bhí ag Coreper II Dé hAoine, an 10 Iúil 2026**

Aithníonn an Iodáil an iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa tús a chur leis an nós imeachta fíorúcháin dá bhforáiltear sa Rialachán maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (Rialachán (AE) 2025/2445) agus athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé na nósanna imeachta agus na hinniúlachtaí arna mbunú leis an gcreat rialála is infheidhme a chomhlíonadh go hiomlán.

Leagann an Iodáil béim ar a riachtanaí atá sé an próiseas sin a dhéanamh ar bhealach neamhspleách, neamhchlaonta agus trédhearcach, agus prionsabail na hoibiachtúlachta, na córa comhionainne agus na deimhneachta dlíthiúla á gcomhlíonadh go hiomlán.

Tá coinne ag an Iodáil go mbeidh an measúnú bunaithe go heisiach ar ghnéithe fíorasacha, infhíoraithe agus ábhartha i ndáil leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2025/2445, agus go mbeidh aon chonclúid ar a dtiocfar bunaithe ar scrúdú dian oibiachtúil ar an bhfianaise atá ar fáil, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht iomlán an Choiste de Dhaoine Neamhspleácha Oirirce.

Meabhraítear don Iodáil a thábhachtaí atá sé muinín a chaomhnú i gcur i bhfeidhm na rialacha lena rialaítear páirtithe polaitiúla Eorpacha, trína áirithiú go n-úsáidfear na hionstraimí dá bhforáiltear iontu ar bhealach comhsheasmhach, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach.

PUBLIC